

# PLEAN BRUSCAIR 2021-2023



COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN  
MONAGHAN COUNTY COUNCIL



# Plean Bruscair 2021–2023

## Réamhrá

Bainfidh an plean seo le ráiteas misin agus cuspóirí Plean Corparáideach Comhairle Contae Mhuineacháin 2020—2024, chun an tír seo againne a bheith mar láthair bheomhar imeasctha dóibh siúd a mhaireann ann nó a thagann ar cuairt, ag obair nó chun gnó a dhéanamh anois agus amach anseo. Tógfaidh an plean freisin ceann de phleanáil chóir agus forbairt an chontae maraon le forálacha Plean Forbartha Chomhairle Contae Mhuineacháin, Straitéis Oiriúna Athrú Aeráide Chomhairle Contae Mhuineacháin 2019 – 2024 agus an Chairt um Ghníomh Aeráide.

Beidh an plean ag plé le tionchar diúltach an bhruscair sa chontae seo againne, feabhas ar cháilíocht na beatha agus leas ár muintir chomh maith le mianach tráchtála agus tuasóireachta trí éifeacht agus éifeachtúlacht mar a leanas:

- Ár ríocht phoiblí a bhainistiú agus a chothabháil
- Cumarsáid, oideachas agus feasacht
- Reachtaíocht agus rialacháin a fhorfheidhmiú



## Clár:

- 1. Réamhrá:**
- 2. Comhtéacs Reachtaíochta**
- 3. Athbhreithniú ar Phlean Bainistiú Bruscair 2018-2020**
- 4. Ceisteanna Tábhachtacha**
- 5. Oideachas agus Feasacht**
- 6. Forfheidhmiú Bruscair**
- 7. Cuspóirí an Phlean Bainistiú Bruscair 2021 - 2023**
- 8. Áiseanna Bailiú Bruscair i gContae Mhuineacháin**

## 1. Réamhrá

Ní mór déileáil leis an athrú aeráide agus a chuid éifeachtaí sa bhfadtéarma ag leibhéal náisiúnta agus áitiúla, idir chontaethe, lucht gnó agus an pobal mór. Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomnaithe do thacú leis an bhfreagra náisiúnta ar an athrú aeráide trí na gnímh a mhínítear inár Straitéis Oiriúna Athrú Aeráide a fheidhmiú i dteannta an Chairt um Ghníomh Aeráide a síníodh mí Eanáir 2020. Cuirfear timpeallacht ghlan sábháilte ar fáil ar bhonn réalaióch inmharthana. Beidh dúshlán mhóra roimh na húdarás áitiúla mar athrú suntasach cultúrtha maraon le breis acmhainní. Mar shampla chun cabhrú le gnímh um athrú aeráide laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin agus a limistéir beidh gá le trealamh agus innealra feabhsaithe aeráide chun breosla iontaise a laghdú, bithéagsúlacht agus plandaí oiriúnacha don phailniú agus tionscadail araidí grianda ar láithreacha tábhachtacha ar fud an chontae. Beidh gá freisin le húsáid lotnaidicídí a laghdú agus fáil ghlas ar earraí, seirbhísí agus oibreacha a thacóidh leis na haidhmeanna úd ar son forbairt inmharthana. Ar an gcuma sangheofarmargadh maith ar an airgead sa ghearrthéarma agus sa bhfadtéarma.

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin de thacú le pobail agus forbairt eacnamaíoch an Chontae á gcur chun cinn. B'iontach an beart é gur bhain Glas Locha an duais mhór i 2019 mar an Baile is Slachtmhara sa Tír sa chomórtas Supervalu na mBailte Slachtmhara. Chun a leithéid de dhuais a bhaint amach níor mhór a bheith ag saothrú go dian ó cheann ceann na bliana i mórán réimsí. Bíonn i bhfad níos mó i gceist seachas aire a thabhairt do dhreach fisiciúil na háite trí thascanna laethúla mar bhailiú bruscair, piocadh fiailí agus cothabháil; anuas air sin go léir lorgaítear pobail a oibríonn ar bhonn gníomhach ar an dtábhacht a bhaineann le

haire a thabhairt don bhfiadhúlra, bithéagsúlacht agus acmhainní inmharthana chun caighdeán na beatha a fheabhsú ar fud bailte is sráidbhailte an chontae.

### Clúdaíonn an Plean Bainistiú Bruscair an tréimhse 2021-2023

Plean reachtúil is ea an Plean Bainistiú Bruscair mar a leagtar síos i gCuid 10 den Acht (Leasú) um Bhainistiú Bruscair 1970). Míníonn an plean seo na mionsonraí a dhéanann Comhairle Contae Mhuineacháin ar son cosc ar bhruscar agus smacht air amach anseo, trí chabhair a fháil ó ghrúpaíobail agus deonach, scoileanna, lucht gnó, miondóltóirí agus saoránaigh uile Chontae Mhuineacháin.

I gContae Mhuineacháin tá 500 míle cearnach agus daonra 61,386 (C.S.O. daonáireamh 2018). Droimní agus talamh réchnocach atá faoin dtuath don chuid is mó, gan aon sliabhraon mór ná aibhneacha. Ar na gréasáin mhóra bóithre idir tuaisceart agus deisceart tá an N2 ag dul trín gContae. Toisc go mbíonn líon ollmhór trácht ag gabháil an bhóthair úd in aghaidh an lae tá fadhb maidir le bruscar ar an stráice úd den bhóthar sa chontae.

In ainneoin tréaniarrachtaí ag Comhairle Contae Mhuineacháin agus eile, fós féin fadhb mhór chomhshaoil is ea an bruscar. Cé go mbíonn formhór na ndaoine tiomanta don bhfadhb aréiteach, bíonn sí fós ann. Baineann an bruscar dár dtimpeallacht saoil, cruthaíonn íomhá diúltach den Chontae agus leagann ualach trom ar chúrsaí airgeadais na Comhairle Contae.

### Plean Bainistiú Bruscair – dualgas plean a dhéanamh, aidhm agus cur i gcrích.

Éilíonn Alt 10 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 go ndéanfaidh is go bhfeidhmeoidh Údarás Áitiúla Plean Bainistiú Bruscair agus é sin a athbhreithniú in aghaidh na dtrí bliana. Ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin an chéad Plean Bainistiú Bruscair i 2000 agus an plean is déanaí i 2018.

## Plean Bruscair 2021–2023

Ag seo an fheidhm atá le plean bainistiú bruscair

- (a) cuspóirí a cheapann an t-údarás áitiúil a bheith oiriúnach chun bruscar a chosc is a rialú ina gceantar feidhme,
- (b) bearta a shonrú chun cur le feasacht phoiblí i dtreo deireadh a chur le truailliú, san áireamh beidh bearta oideachais agus eolais dírithe ar an óige,
- (c) bearta agus socruithe a dhéanfaidh an t-údarás áitiúil i dtreo cuspóirí an phlean a bhaint amach, agus
- (d) eolas a chuimsiú, nó a chur in eagar maidir le—
  - (i) measúnacht ar na cláir reatha um smachtú agus cosc ar bhruscar atá ag an údarás faoi láthair
  - (ii) polasaithe agus cuspóirí an údarás áitiúla maidir le bruscar a chosc agus a smachtú
  - (iii) na bearta, chomh fada is a dhéanann an t-údarás áitiúil amach a dhéanfar nó a fhéadfaí a dhéanamh go ceann na tréimhse cuí, ag daoine eile seachas an údarás áitiúil chun bruscar a chosc agus a rialú
  - (iv) na háiseanna mar ar féidir leis an bpobal bruscar a fhágail don aisghabháil nó cur de lámh laistigh de bhrí an Acht um Bainistiú Bruscair 1996
  - (v) na bearta atá le déanamh ag an údarás áitiúil chun forálacha an Acht a fhorfheidhmiú sa cheantar feidhme
  - (vi) aon ábhar eile fo-ghabhálach nó teagmhasach

Ullmhaíodh an plean seo do Chomhairle Contae Mhuineacháin de réir riachtanais an Phlean Bainistiú Bruscair ar ghlac an Chomhairle leis thiar i2018. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin ullmhaíodh doiciméad mar Iarratas ar Luach (RFQ) agus fógraíodh é sin ar e-thairiscintí ag lorg meastacháin ó dhá chomhairleoir a dhéanadh réamh-chomhairliúchán le trí phríomhghrúpa i gCo. Mhuineacháin – an Gréasán Bailte Slachtmhara, an Gréasán PPN agus Comhairle na nÓg.

Bhí sé mar aidhm sa chomhairliúchán léargas a fháil

ar thuairimí na ngrúpaí a bhí páirteach faoi éifeachtúlacht an Phlean Bainistiú Bruscair mar a bhí agus cinneadh a dhéanamh maidir lena mbeadh ag teastáil ó na grúpaí céanna sa phlean nua.

Cuspóir eile ab ea éifeacht agus teacht ar réimsí mar a mbeadh gá le feabhsú. Tharla an réamh-chomhairliúchán seo ar shaothar na Seirbhísí Comhshaoil a mheas ar líne le linn Nollaig 2020 agus Eanáir 2021 agus fuarthas tuairisc.

I ndiaidh an réamh-chomhairliúcháin cuireadh dréachtphlean os comhair an Choiste Polasaí Straitéiseach um Ghníomh Aeráide agus Seirbhísí Comhshaoil in Aibreán 2021. Cuimsíodh tuairimí sa dréacht agus scaoileadh amach an Dréachtphlean um Bhainistiú Bruscair don chomhairliúchán le linn Bealtaine agus Meitheamh. Chun é sin go léir a fhógairt cuireadh fógraí sna nuachtáin áitiúla agus ar raidió áitiúil.

Bhí cóip den dréachtphlean ar fáil freisin sna hoifigí comhairle, leabharlanna, ar shuíomh idirlíon na Comhairle agus fáiltíodh roimh aighneachtaí ón bpobal le linn tréimhse ocht seachtaine i 2021.

Cuimsíodh aighneachtaí sa dréachtphlean agus cuireadh é os comhair an Choiste Polasaí Straitéiseach um Ghníomh Aeráide agus Seirbhísí Comhshaoil, An Coiste Polasaí Corparáideach agus glacadh leis ag cruinniú iomlán Comhairle. Ach é sin go léir déanta foilsíodh an Plean is é ar fáil ar shuíomh idirlíon na Comhairle.

### Buiséid a bhaineann le bruscar

I 2020, chaith Comhairle Contae Mhuineacháin €1,017,755 ar ghníomhaíochtaí a bhain le bruscar mar scuabadh sráide, ábhair, scip ar cíós, cothabháil, maoir bhruscair a fhostú agus gníomhaíochtaí oideachais. Sin caitheamh an-mhór ar fad idir lucht íoctha rátaí agus muintir an Chontae.



## 2. Reachtaíocht

Faoin Acht um Bhainistiú Bruscair 1997 – 2009 bronntar cumhachtaí leathan ar údaráis áitiúla maidir le plé le bruscar. In Alt 2 mínítear bruscar mar ‘aon teagar nó rud, pé acu an gceaptar é mar dhramhaíl nó a mhalairt (seachas dramhaíl laistigh den Acht um Bhainistiú Bruscair 1996 a sheoltar mar is cóir um chur de láimh) nuair a fhágtar é in áit seachas gabhdán bruscair nó áit eile a ainmnítear go dlíthiúil dá leithéid, atá nó a d’fhéadfadh a bheith gránna, dochrach, déistineach nó mífholláin, pé acuas féin nó le téagar nó rud éigin eile, beag beann ar mhéid, toirt nó fairsinge an dríodair.’

### Sainmhíniú ar bhruscar

Dá bhrí sin tá sainmhíniú ar bhruscar an-leathan agus cuirtear san áireamh graifítí, dumpáil, dramhaíl tí a chuirtear in áirtheaigh údaráis áitiúla, blúirí páipéir, bunanna toitín nó aon rud eile beag nó mór atá nó a d’fhéadfadh a bheith gránna.

### Fineáil ar an láthair

Cion is ea é bruscar a fhágáil nó a chaitheamh in áit phoiblí nó aon áit a mbíonn radharc air in áit phoiblí agus féadfar fineáil ar an láthair €150 a ghearradh nó fineáil mar uasmhéid €4,000 sa chúirt. Má chúisítear duine de dheasca cion bruscair d’fhéadfaí costais agus caiteachas an údaráis áitiúla a lorg maidir leis an gcás a scrúdú agus an t-ionchúiseamh a bhreith chomh fada leis an gcúirt.

### Spás Poiblí

Faoi Alt 6 (1) den Acht, más tusa úinéir nó duine atá freagrach as áit mar a bhfuil rochtain pobail tá dualgas ort an áit a choimeád saor ó bhruscar, is cuma conas a tháinig sé ar an bhfód. Baineann sé seo le gach aon áit phoiblí mar a mbeadh teorainn, m.sh. ionad siopadóireachta, campas scoile, faiche poiblí nó fiú stáisiún bus.

### Maoin príobháideach

Faoi Alt 6 (2) den Acht, caithfidh úinéir nó sealbhóir aon áitreabh a mbíonn radharc air ó láthair phoiblí é a choimeád saor ó bhruscar. Go bunúsach, más féidir aon chuid den mhaoin agatsa a fheiceáil ó áit phoiblí ní mór é sin a choimeád saor ó bhruscar.

### Láithreacha dubha bruscair

Má bhíonn carn bruscair ar mhaoin ar chúis éigin agus é le feiceáil ó áit phoiblí, féadfaidh an t-údarás áitiúil fógra a chur chuig an úinéir nó sealbhóir ag iarraidh ar an duine sin an bruscar a bhaint go beo. Féadfar freisin bearta airdeallach a leagan síos ionas nach dtarlóidh a leithéid arís.

### Dumpáil Mhídhleathach

Tá breis cumhachtaí anois ag údaráis áitiúla faoi na dlíthe bruscair chun deileáil le fadhbanna mar dhumpáil mhídhleathach dramhaíl agus bruscar. Má thagann údarás áitiúil ar ábhar dumpáilte go mídhleathach agus má aithnítear úinéir an ábhair, beidh ar an duine úd an cás a fhreagairt cé nár thángthas air is an dumpáil ar siúl.

### Ócáidí Móra

Nuair a thionóltar mórócáidí caithfidh na bunaitheoirí nó eagarthóirí a chinntiú go mbíonn bearta um rialú bruscair i bhfeidhm san ionad agus sa dúthaigh máguaird roimh, le linn agus tar éis na hócáide. Baineann sé seo le cluichí peile agus ócáidí eile sóisialta nó spóirt mar a mbíonn sluaite ollmhóra. Ligeann Alt den Acht um Bhainistiú Bruscair 1997 don Údarás Áitiúil fógra a sheirbheáil ar eagraí ócáide ag iarraidh bearta cuí a bheith i bhfeidhm mar chosaint ar bhruscar a chruthú.

### Scóip soghluaiste bia

Faoi Alt 15 den Acht, ní mór dóibh siúd ag a mbíonn scóip soghluaiste a dhíolann mearbhia nó deochanna, agus gnóthaí eile a dhíolann táirgí feirme, araidí oiriúnacha a shuiteáil gar do na scóip. Ina theannta san, caithfidh siad aon bhruscar a tharla de dheasca oibriú a ngnóthaí siúd a ghlanadh laistigh de raon 100m ón scóip.

### Salachar Madraí

Cion is ea salachar madraí faoi Alt 22 (1) den Acht. Anois ní mór d’úinéirí salachar a gcuid madraí a bhaint ó láithreacha poiblí agus é a chur de láimh ar bhonn freagrach. Baineann an dualgas seo leis na láithreacha seo a leanas:

- Bóithre agus cosáin phoiblí
- Limistéir thart ar ionaid siopadóireachta

## Plean Bruscair 2021–2023

- Scoileanna/faichí spóirt/limistéir fóillíochta
- Tránna
- An talamh atá go díreach thart ar theach duine eile.
- Bíonn díolúine i gcás madraí treorach agus oibre (aoireacht stoic, An Garda, Custaim agus Máil)

### Postaeir agus comharthaí

Faoi Alt 19(1) den Acht tá cosc ar phostaeir/comharthaí ar chuaillí, imeall féarach, ar thaobh an bhóthair nó ar struchtúr eile in áiteanna poiblí gan chead ón Údarás Áitiúil. Is fíor, áfach, go bhfuil eisceachtaí éagsúla ann d'ócáidí áitiúla faoi na Rialacháin Pleanála.

### Bileoigíní fógraíochta

Faoi Alt 19 (2) tá cosc ar bhileoga fógraíochta a chur ar ghaothscátha gluaiстеán.

Má táthar ag iarraidh bileoga fógraíochta a scaipeadh ar an sráid ní mór a sheiceáil leis an údarás áitiúil féachaint an bhfuil aon srianta áitiúla bruscair i bhfeidhm, mar bíonn na húdaráis áitiúla i dteideal a leithéid a bhreith isteach.

### Úinéirí Gnó

De réir dlí caithfidh úinéirí gnó i gceantar uirbeach an cosán agus pábháil lasmuigh dá gcuid áitreabh a choimeád saor ó bhruscar. Muna ndéantar amhlaidh féadfar fineáil €150 ar an láthair a ghearradh.<sup>1</sup> Go háirithe níor mhór do lucht gnómar a leanas a bheith go mór ar an airdeall, mar shampla:

Ba chóir do thábhairní agus beáir a chinntiú nach bhfágтар bunanna toitín ar an gcasán lasmuigh den áitreabh.

Ba chóir do bhainc a chinntiú nach bhfágтар fáltais ATM ar an gcasán.

Níor mhór do ghnóthaí mearbhia a chinntiú go mbíonn an talamh lasmuigh den áitreabh saor ó bhruscar. Mar a chéile do shiopaí milseán/áisiúla; caithfear a chinntiú nach gcaitear fáltais, clúdaigh, cártaí crannchur 7rl. ar an gcosán lasmuigh.

Má bhíonn slisneoga páipéir nó bunanna toitín os comhair áitreabh Geallghlacadóra caithfear iad a bhaint.

### Bruscar a ullmhú don Bhailiúchán

Tá bearta beaga airdeallach ann maidir le bruscar a chur i láthair don bhailiú agus is mór an chabhairiad mar mhodh chun bruscar a sheachaint. Ar na modhanna is fearr tá leas a bhaint as seirbhís bailithe bruscair agus araid rotha.

Faoi Alt 3 (3) den Acht um Bhainistiú Bruscair 1997 is cion é bruscar tí a chaitheamh i mboscaí bruscair sráide.

### Fodhlíthe 2019 Contae Mhuineacháin um Dramhaíl Tí agus Tráchtála a Scagadh, Stóráil is a chur i láthair

Glacadh Fodhlíthe Contae Mhuineacháin (Dramhaíl Tí agus Tráchtála a Scagadh, Stóráil is a chur i láthair), 2019 agus feidhm leo ón 1 Feabhra 2020. Dá bharr san aisghairmítear na Fodhlíthe Contae Mhuineacháin 2009 um Dhramhaíl Tí agus Tráchtála a Scagadh, Stóráil is a chur i láthair maraon le cúrsaí eile um bhainistiú bruscair dardáta 2009.

Tharla na Fodhlíthe chun a chinntiú go léiríonn líon tithe agus gnóthaí go bhfuiltear páirteach i seirbhís údaráithe bailithe bruscair, go n-úsáidtear gabhdáin agus stóras mar is cóir, go scagtar an dramhaíl mar is cuí agus go mbaintear ábhar dainséarach lena chinntiú go stiúraítear an bailiú bruscair mar is cóir i gContae Mhuineacháin.

Mar phionós i gcás na bhFodhlíthe a shárú tá íocaíocht seasta mar €75 le n-íoc laistigh de 21 lá agus muna ndéantar é sin beidh pionós sr uasmhéid €2,500 má bhítear ciontach. Forálar freisin do chuireanna leanúnacha i ndiaidh a bheith ciontaithe. Ag seo achoimre ar na fodhlíthe nua.

- Dualgas a bheith páirteach i Seirbhís Bailithe Bruscair
- Soithigh Bhruscair a Chothabháil is a Bhainistiú
- Láithreacha chun soithigh a stóráil
- Soithigh a úsáid don Lá Bailiúcháin

Samplaí is ea scóip dhíolta mearbhia, talamh tréigthe, ionaid turasóireachta agus meánscoileanna.

<sup>1</sup> Gineadóirí Folaigh Bhruscair a thugtar ar áitribh, suímh nó gníomhaíochtaí a d'fheadfadh cur le truailliú bruscair.

## Plean Bruscair 2021–2023

- Amanna Bailithe Soithigh á mBaint
  - Saghasanna Cosctha Dramhaíola
  - Scaradh Bruscair Tí, Coisctheacht Truailliú agus Leathnú Bailiú Dramhaíl Bia
  - Soláthar Breise do Shealbhóirí tí nach mbaineann leas as Seirbhís Bailithe Cosáin
  - Forálacha a bhaineann le Foirgnimh Ilúsáide, Bloic Árasán
  - Cur isteach ar Bhailiú Dramhaíola atá in Ord
  - Forálacha Breise don Dramhaíl Tráchtála
- ☑ Forálacha Forfheidhmithe/Fógraí Íocaíochtaí Seasta

### 3. Athbhreithniú ar an bPlean um Bhainistiú Bruscair 2018-2020

Baineadh amach na cuspóirí seo a leanas le linn tréimhse an Phlean Deiridh um Bhainistiú Bruscair.

#### Fáil réidh le Bruscair i gContae Mhuineacháin

Bíonn bruscair le feiceáil go minic i gContae Mhuineacháin ach is fíor go bhfuil dul chun cinn sa Chlár Náisiúnta um Mhionatóireacht Bruscair. Léirigh Staitisticí 2019 ar Mhionatóireacht Náisiúnta Bruscair go raibh 5.6% na suímh i Muineachán saor ó bhruscair.

#### Feasacht ar an bPlean um Bhainistiú Bruscair a mhéadú

Scaipeadh an Plean um Bhainistiú Bruscair 2018 - 2020 go forleathan nuair a glacadh leis, agus tugadh tuarascáil bhliantúil do na baille tofa trí Thuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh.

#### An clár reatha um ghlantachán sráide a fhorbairt agus leanúint de sin don ghlantachán sráide i mbailte agus sráidbhailte an chontae

Tá seirbhís chuimsitheach glantachán sráide ag Comhairle Contae Mhuineacháin sna bailte móra is mó sa chontae trí na Ceantair Bhardasaí. Tá nasc idir glantachán meicniúil ar bhonn róta agus scuabadh de láimh nuair is gá. Baintear leas freisin as araidí bruscair sna bailte móra is mó agus sráidbhailte. I sráidbhailte áirithe bainistítear na haraidí úd trí pháirtíochtaí áitiúla idir na Bailte

Slachtmhara agus grúpaí pobail. Le trí bliana anuas chaith Comhairle Contae Mhuineacháin €2,191,282 ar ghlantachán sráide. I 2020 caitheadh €758,754 ar ghlantachán sráide agus cartadh. Cinntíonn an infheistíocht seo go mbíonn ceantair uirbeacha an chontae saor ó bhruscair.

#### Leanúint den leibhéal ard forfheidhmiú atá sa Chontae faoin Acht um Thruailliú Bruscair

Eisíodh 80 fíneáil bhruscair i 2018, 90 i 2019 agus iomlán 200 i 2020. Mar shampla, i 2020 tharla oibríochta faire ag 3 cinn d'aonaid CCTV soghluaiste ar láithreacha éagsúla, bainc buidéal go príomha, chun caitheamh bruscair a aimsiú agus a chosc.



#### Páirtíochtaí nua a fhorbairt le comhlachtaí éagsúla idir dheonach agus tráchtála chun comhthionscadail i gcoinne bruscair a chruthú

Cothaíodh gaol thar tréimhse an phlean le heagraíochtaí, lucht gnó, comhlachtaí reachtúla agus deonacha. Díríodh ar na Bailte Slachtmhara agus rinneadh dul chun cinn go mór nuair a bhain bailte Contae Mhuineacháin duaiseanna, mar shampla bhuaigh Glas Locha an Comórtas **2019 SuperValu Bailte Sláchtmhara Náisiúnta**. Bhuaigh Glas Locha an duais céanna 41 bliain ó shin. Bronnadh boinn airgid freisin sna catagóirí éagsúla ar Charraig Mhachaire Rois agus Baile Mhuineacháin.



## Plean Bruscair 2021–2023

Chuir 23 sráidbhaile agus pobail isteach ar an gcomórtas náisiúnta seo, ina measc bhí Ard Achadh, An Droim, Inis Caoin agus Crosaire Greenan. Bronntar marcanna faoi na catagóirí seo a leanas :-

- An Pobal – Pleanáil agus Gnímh
- Dreach sráide & Spás Poiblí
- Spás Glas agus Tírdhreach
- Nádúr agus Bithéagsúlacht sa Cheantar
- Inmharthanacht – an Leas is fearr a bhaint as a bhfuil ar fáil
- Néatacht agus Rialú Bruscair
- Sráideanna cónaithe & Ceantair Tithíochta
- Bóithre isteach, Sráideanna & Lánaí



### Réimse leathan tionscadail poiblí i gcoinne bruscair a fhorbairt is a chur i bhfeidhm.

Tá nuálaíocht sna feachtais feasachta ag Comhairle Contae Mhuineacháin, mar shampla *“Drivers, Watch out, CCTV about”*. Tá a leithéid de chomharthaí ar láithreacha straitéiseacha ar na bóithre réigiúnacha ar fad go dtí na cúig phríomhbhailte sa chontae chun tiománaithe a chur ar an airdeall. Fógraítear freisin ar nacomharthaí go bhfuil pionós €150 i gceist.

Tharla feachtais bhreise CCTV i gcoinne bruscair dírithe ar thiománaithe ar bhonn bliantúil ar an N2. Dírionn na tionscnaimh úd ar stop a chur le daoine ag caitheamh amach bruscar ó fheithicil mar chupáin chaife, dramhaíl bia 7rl. Cuireadh féineál €150 ar dhaoine a chaith bruscar mar sin agus muna n-íocadh é sin chuathas ar aghaidh go dtí ár meitheal dlí chun cúiseanna dlí a bhunú. Féadfar anois féineál a íoc ar líne mar d’fhéadfadh daoine nach maireann i gContae Mhuineacháin a bheith i gceist le cuid díobh.

### Feachtas cuimsitheach a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna & scoileanna iarbhunoideachais

Cloch choirnéil i bhfeachtas um fheasacht bruscair agus ceisteanna eile comhshaoil ag Comhairle Contae Mhuineacháin trí chomhordú le An Taisce is ea na Scoileanna Glasa. Cuirtear gníomhaíochtaí ar bun don scoil iomlán agus lasmuigh di i measc an phobail. Mar théama don chéad brat glas tá *“Athchúrsáil Bruscair agus Bainistiú Dramhaíola”* a leagann béim go soiléir ar na ceisteanna bunúsacha. Ar théamaí eile tá fuinneamh, caomhnú agus úsáid uisce, gníomh aeráide, bithéagsúlacht, taisteal agus cúrsaí mara. Leanann scoileanna den gclár ar bhonn bliantúil. Ag deireadh na bliana 2020 bhí 71 scoil cláraithe, b’in 1 réamhscoil amháin, 11 meánscoil agus 59 bunscoil. Téann baill fhoirne ar cuairt go dtí scoileanna chun labhairt faoi réimse leathan ceisteanna comhshaoil agus bíonn éileamh ar chúrsaí bruscair a phlé.



### BHC Green Schools Committee 2nd Green Flag!

PIC•COLLAGE



## Plean Bruscair 2021–2023

### An pobal a spreagadh i leith eachtraí bruscair a thuairisciú chuig Comhairle Contae Mhuineacháin

Le linn tréimhse an phlean seo tháinig méadú in aghaidh na bliana ar an líon gearán bruscair. I 2018 fuarthas 324 gearán bruscair, bhí 335 i 2019 agus 376 i 2020. B'ín méadú beag le linn tréimhse an Phlean deiridh Bainistiú Bruscair.

Tá slite difriúla ann chun bruscar a thuairisciú, úsáidtear aipeanna r-phost & soghluaiste mar shampla

- See it, Say it App
- Fix My Street App
- SAORGHLAO – **1800 200014** líne faoi rún chun eachtraí a thuairisciú r-phost
- r-phost [litter@monaghancoco.ie](mailto:litter@monaghancoco.ie)

### Cur le feachtas ar an bhfadhb salachar madraí sa Chontae

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin go mór leis an líon dáileoírí málaí madraí ar fud slite siúlóide mar a mbíonn éileamh chomh maith le méadú ar an gcomharthaíocht i bhfaichí agus ceantair uirbeacha.

Leanann Comhairle Contae Mhuineacháin de thacú leis an gceist seo madraí ar bhonn bliantúil agus bíonn comhchigireacht bhliantúil ann idir an Maor Madraí agus Oifigeach Patról Comhshaoil. Déanann foireann an Cheantair Bhardasaí deimhin de go gcuirtear leis na dáileoírí nuair is gá is go bhfolmhaítear iad go rialta.

Chuaigh Bailte Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois i gcomhar leis an gCeantar Bardasach faoin gceist seo salachar madraí. Beireann na húníerí na madraí go dtí faiche don aclaíocht agus ar an gcuma san laghdaítear an salachar ar shráideanna poiblí. Tacaíonn an Ceantar Bardasach leis an dtionscnamh píolótach seo agus ainmníodh láthair an fhaiche madraí. Fuarthas an maoiniú le déanaí chun cúrsaí a shocrú ar deireadh.

### Leanúint den bhainistiú bruscair ag na hIonaid Beir Chuige

Bunaíodh roinnt aonaid nua CCTV soghluaiste ag bainc bhuidéal ar fud an chontae agus díreann iadsan ar bhainc mar a mbíon ráta ard dumpáil mhídhleathach. Tá na haonaid úd an-éifeachtach

ar fad mar chosc ar dhramhaíl a dhumpáil go mídhleathach. Cloíonn an CCTV agus modhanna teicneolaíochta eile leis na riachtanais dlíthiúla agus reachtúla mar shampla GDPR. Má fhágtar buidéal ag banc ach é sin a bheith lán cheana féin d'fhéadfadh an fhoireann a thugann aire do na bainc a bheith i mbaol. Má tá buidéal bhriste imála plaisteach tá seans go scoiltfeadh an mála agus go ngortófaí an ball foirne. Dá bhrí sin má tá banc buidéal lán níor mhór bailiú leat agus filleadh arís uair éigin eile. Leanfar de na feachtais chun an pobal a choimeád ar an eolas faoi na



### Na príomhláithreacha dubha bruscair sa Chontae a aithint i dtreo deireadh a chur leo

I 2020 fuair Comhairle Contae Mhuineacháin €109,784 faoin dtionscadal Frithdhumpála 2020. Ar na tionscnaimh a maoiníodh bhí:

- a. Glantachán ar shuímh mhóra dumpála mídhleathacha
- b. Tionscnaimh um chosc agus laghdú
- c. Fóirdheontas chun earraí móra troma a chur de lámh ag Ionaid Athchúrsála Coirnéal na nAlbanach agus Carraig Mhachaire Rois

## Plean Bruscair 2021–2023

### Aghaidh a thabhairt ar fhadhb an ghuma coganta trí chur le feasacht agus gnímh fhorfheidhmithe

Leanann Comhairle Contae Mhuineacháin de pháirt a ghlacadh agus comhoibriú leis an Meitheal Bruscair Ghuma. Tá sé mar dhualgas ar an GLT plean gnímh a fhorbairt is a chur i gcrích chun deileáil le bruscar guma ar bhonn inmharthana – ní mór iompar na ndaoine a athrú ionas go gcaitear an guma in araid. Forbraíodh an feachtas GLT mar shraith tionscadailchomhtháite idir oideachas agus feasacht ar an bhfíneáil €150. Caithfear a chur ina luí ar dhaoine gur caitheamh bruscar is ea guma coganta a chaitheamh uait ar an sráid nó áit ar bith eile.



### An líon daoine agus is féidir a bheith páirteach sa Ghlantachán Earraigh

Is é an Glantachán Earraigh an tionscadal is mó frithbhruscar i gContae Mhuineacháin agus bíonn breis is 50 grúpa pobail páirteach gach aon bhliain. Bíonn tacaíocht acu ó na Seirbhísí Comhshaoil a eagraíonn araidí móra lena ndáileadh ar láithreacha ainmnithe ar a leithéid de lá saor in aisce. Dáiltear piocadóirí agus málaí mar chúnamh agus bíonn a leithéid ar fáil freisin do ghrúpaí deonacha i rith na bliana.

### An córas monatóireachta Truailiú Náisiúnta Bruscair a fheidhmiú

Reachtálann na húdaráis áitiúla, Comhairle Contae Mhuineacháin san áireamh, suirbhéanna thar láithreacha éagsúla ar fud an chontae. Sábháiltear na sonraí agus déantar anailís orthu de réir riachtanais Córas Monatóireachta an Phlean Náisiúnta Bruscair.

#### Táscairí Feidhmíochta 2018-2020

Táscaire	2018	2019	2020
Líon gearán bruscair (foinse plean RMCEI)	324	335	376
Líon fíneálacha ar an láthair	80	90	200
Méid caite ar ghníomhaíochtaí carta	€682,533	€749,995	€758,754
% suíomh saor ó bhruscar (LP1) ón gCóras Náisiúnta um Mhonatóireacht ar Bhruscar	19.4%	5.6%	Níl ar fáil faoi láthair (Meán Náisiúnta %)

## 4. Ceisteanna Imní

Seachas an radharc ar bhruscar a bheith gránna, bíonn gnéithe eile díobhálacha nach ligeann don Chontae a mhianach iomlán a bhaint amach –

- Bítear ag iarraidh cur le margaíocht an Chontae mar láthair turasóireachta agus baintear den aidhm seo muna mbítear cúramach maidir le bruscar.
- D'fhéadfaí an t-airgead a chaitear ar



## Plean Bruscair 2021–2023

ghlantachán a chaitheamh ar chonláistí a fheabhsú sna bailte agus sráidbhailte.

### Gnéithe Cúisíochta an Bhruscair

De réir torthaí ón gCóras Náisiúnta um Mhonatóireacht ar Bhruscar (bunaithe ar fhiigiúirí 2019), is iad coisithe a bhíonn mar an ghné cúisíochta is mó, 64.3% ar shráideanna uirbeacha. Baineann an bruscar don chuid is mó le clúdach pacáistí agus le caitheamh tobac, nó ag ithe is ag ól ar an sráid is ag pointí bailithe m.sh. stad bus. Is léir go gcaithfidh athrú mór teacht ar mheon an phobail maidir le bruscar ar na sráideanna.

### **Bruscar Toitíní**

Léirigh torthaí 2019 ón gCóras Náisiúnta um Mhonatóireacht ar Bhruscar go bhfuil tobac ar phríomhchúiseanna an bhruscar ar shráideanna is cosáin ag 68.5%. Faoi Alt 6 den Acht um Bhainistiú Bruscair 1997-2003 ní mór do shealbhóirí láithreacha poiblí an áit a choimeád saor ó bhruscar, bunanna toitíní san áireamh. Leis seo clúdaítear úinéirí gnó, tithe agus tábhairní.

### **Bruscar Guma**

Is é bruscar bia, ag 19%, an dara chatagóir is mó. Sa chatagóir sin is é guma coganta an comhábhar amháin is coitianta sa chatagóir, agus an dara comhábhar is mó go náisiúnta, é mar 13.7% den bhruscar iomlán a taifeadh sna suirbhéanna cainníochta bruscair a rinneadh sa bhliain 2019.




Figure 2-1 Composition of Litter Pollution in Monaghan in 2019

### **Dumpáil Mhídhleathach**

Is í an dramhaíl a chaitear amach go mídhleathach an cineál is measa ar fad idir radharc agus damáiste. Ní hamháin in áiteanna tuaithe iargúlta tharlaíonn sé seo ach freisin ar spás oscailte poiblí. Is faoin gceist seo a fhaightear an líon is mó gearán bruscair ón bPobal go Comhairle Contae Mhuineacháin, idir mála dubh go dtí dumpáilmhídhleathach ar scála mór. Cé go ndéanfaidh an tOifigeach Patról Bruscair a dhícheall chun teacht

ar fhianaise, is minic nach mbíonn a leithéid ar fáil.

### **Scóip dhíolta bia áisiúil**

Toisc borradh mór a bheith faoin mbia áisiúil méadaítear go mór ar an dtoirt bruscair a chaitear feadh taobh an bhóthair is ar chosáin laistigh de mhíle ó bhailte agus sráidbhailte. Ní hamháin go mbíonn sé gránna le feiceáil ach é dainséarach freisin



### **Salachar Madraí**

Cúis an-mhór bruscair is ea Salachar Madraí ar fud an chontae. á a fhios ag úinéirí madraí gur coir é seo is go bhfuil siad féin freagrach as an salachar a bhaint is a ardú leo. Chun cur le feachtas agus béim a leagan ar an bhfadhb tá comharthaí eolais ar fud an chontae. Soláthraítear na haraidí cuí sna bailte móra, ar feadh slite coitianta siúlóide agus i bhfaichí. Soláthraítear málaí bruscair madraí freisin mar chabhair do dhaoine ag glanadh suas i ndiaidh madraí.



### Gluaisteáin tréigthe

Is minic a thréigtear gluaisteáin ar thaobh an bhóthair nó ar spásanna oscailte poiblí, eastáit tithíochta san áireamh. Coir is ea gluaisteán a thréigint faoi Alt 71 den Acht (Leasú) um Bhainistiú Bruscair 1996. Féadfar fíneáil ar an láthair a ghearradh ina leithéid de chás.

### Ócáidí móra

Gintear méid suntasach bruscar ag ócáidí móra mar shampla cluichí, ceolchoirmeacha, féilte 7rl., é neamhchúiseach agus bainteach le clúdaigh de ghnáth. I 2019 thacaigh Comhairle Contae Mhuineacháin leis an bhFéile *Muckno Mania* trí fhéile glas a sholáthar. Bhí araidí do na buidéal phlaisteacha agus cannaí alúmanam agus taispeánadh físeán freisin.

### Dumpáil mhídhleathach i bhforaoiseacha

Bua don phobal is ea rochtain coillte, ach fadhb ag Coillte atá an-choitianta anois is ea an dumpáil trí chéile. Féachtar air seo mar cheist an-suntasach ar fad, cuirtear isteach ar thaitneamhacht na gcoillte agus ar cháilíochtaí rochtain poiblí agus áineasa.

### Comharthaíocht mhídhleathach agus gan chead

Cúis mhór imní is ea an líon ard comharthaí gan chead feadh an bhóthair phoiblí idir ócáidí, gnóthaí, fógraí ceantálaithe, teachtaireachtaí príobháideacha nó margaíocht threallchogaíoch. Catagóir bruscair is ea na comharthaí úd agus a gcuid fearas. Is minic a fhágtar an fearas nuair a bhaintear an comhartha, é mar bhruscar agus freisin mar radharc a chuireann isteach ar shábháilteacht ghinearálta do lucht úsáidte an bhóthair.

## 5.Oideachas agus Feasacht

Oibríonn an clár feasacht comhshaoil ag gach leibhéal ar fud an chontae ag díriú ar scoileanna, gnóthaí, grúpaí pobail, grúpaí spóirt, sealbhóirí tí, cumainn áitritheoirí. Tá cur síos anseo thíos ar chuid de na feachtais samplacha.

### Scoileanna

Tugann an tOifigeach Feasacht Comhshaoil (EAO) cuairt ar bhunscoileanna agus meánscoileanna ar fud an chontae le linn an téarma scoile. Tá 62 bunscóil agus 12 scoil dara leibhéil sa chontae is iad ag freastal ar 13,000 dalta.

Spreagtar scoileanna le páirt a ghlacadh sa chlár Scoileanna Glasa, sin clár idirnáisiúnta a chuireann iompar freagrach i leith an chomhshaoil chun cinn i measc daltaí scoile agus an phobail mhóir.

Eagraíonn An Taisce an clár ar bhonn náisiúnta is bíonn tacaíocht acu ó na húdaráis áitiúla. Ar na gníomhaíochtaí a tharlaíonn sna scoileanna bíonn: cainteanna ón EAO ar bhruscar agus topaicí eile comhshaoil don timthriail sóisearach, soláthar ceardlanna ag saineolaithe agus acmhainní saor in aisce mar phiocairí bruscair agus málaí chun rannpháirtíocht a spreagadh.

Sábháileadh suim dochreidte mar €2,766,609.67 ar bhonn náisiúnta thar gach téama sa chlár le linn na bliana scoile 2019 agus sábháileadh €34,446.42 i Muineachán ar fud na dtéamaí éagsúla.

**Sábháil Mhuineacháin: €34,446.42**

		COMHAIRLE CONTAE MHUINEACHÁIN			
	Líon	Dramhaíl malairt slí kg/bliain	Laghdú Fuinnimh Kwh/bliain	Laghdú Uisce líotair/bliain	Crainn curtha in aghaidh bliana
Bronnta Scoileanna L&W	67				
Bronnta Scoláirí	10,315	64,241.82			
Bronnta Múinteoirí	719	4,477.93			
Bronnta Scoileanna Fuinneamh	51				
Bronnta Scoláirí	7,486		202,122.00		
Bronnta Múinteoirí	503		13,581.00		



## Plean Bruscair 2021–2023

Bronnta Scoileanna Uisce	43				
Bronnta Scoláirí	7,131			2,053,728.00	
Bronnta Múinteoirí	508			146,304.00	
Bronnta Scoileanna Bithéagsúlacht	11				209
Laghdú Iomlán Réalaíoch		68,719.75	215,703.00	2,200,032.00	
Laghdú Costais bliana do na scoileanna bronnta		€3,435.99	€25,884.36	€5,126.07	
CO2 Laghdú i kg CO2/bliain			116,048.21		
LAGHDÚ IOMLÁN AR NA TÉAMAÍ AR FAD IN AGHAIDH AN CHONTAE				€34,446.42	
180 lá measta sa scoilbhliain					
Costas Líonadh Talún kg = €0.05	Costas Leictreachas /aonad = € 0.12		Costas Uisce/ líotar = €0.00233		
Laghdú Bruscair pppd=	0.07 kg				
Laghdú Fuinnimh pppd =	0.24 kWh				
Laghdú Uisce pppd =	1.6 ltrs				
CO2 laghdú an kWh =	0.538 kg CO2				
Crainn curtha in aghaidh scoile =	19				

Go ceann saol an phlean seo leanfaidh Údaráis Áitiúla Mhuineacháin den:

- Saothar leanúnach le scoileanna cláraithe agus scoileanna nua a bhreith isteach sa chlár
- Páirtíocht Meánscoileanna i dtionscnaimh mar ECO Unesco Gníomhaí Timpeallachta agus *Junk Kouture*.

Eagraíodh comórtais eile do scoileanna mar “Sing” buaite ag Gaelscoil Ultain, Muineachán a bhain duais €1,000.

Le déanaí bhunaigh Seirbhísí Comhshaoil Comórtas Scannán do scoláirí idirbhliana agus ghlac 10 gcinn de scoileanna páirt ann, caitheadh é a chur ar athló de dheasca Covid-19.



Déanfaidh gach scoil scannán ina mbeidh teachtaireacht comhshaoil. Cabhróidh comhlacht físeán leis an léiriú agus taifeadadh.

## Plean Bruscair 2021–2023

Fógrófar na buaiteoirí ag ócáid bhronnta san Omniplex i Muineachán amach anseo. Beidh an scannán féin le feiceáil san Omniplex go ceann míosa tar éis a bhronnta.

Eagraíodh comórtais postaerí le Seachtain Eolaíochta An Cabhán Muineachán mí na Samhna. Úsáidtear an postaer buacach don bhfógraíocht agus ar na feachtais meáin shóisialta. Ba é Gníomh Aeráide an t-ábhar i 2019 agus úsáideadh an postaer céanna chun an feachtas Saor ó Phlaisteach a chur chun cinn mí Iúil 2020.



### Glantachán Náisiúnta Earraigh agus Lá Glantachán Domhanda

Bíonn Glantachán Náisiúnta an Earraigh ar siúl i mí Aibreáin in aghaidh na bliana. Eagraithe ag An Taisce, tacaíonn Údarás Áitiúla leis is ag seo na trí príomhchuspóirí;

- Cur le feasacht ar cheistanna bruscair agus dramhaíola
- Glantachán a spreagadh i rith mí Aibreáin
- Rannpháirtíocht praiticiúil leanúnach a spreagadh maidir le cúram a dhéanamh don timpeallacht

Más maith le hÉinne glantachán áitiúil a eagrú is feidir an ócáid a chlárú le An Taisce ag [www.nationalspringclean.org](http://www.nationalspringclean.org) Gheofar Trealamh Glantachán Earraigh maraon le doiciméid treorach agus clúdach árachais.

Táthar ag brath ar chabhair agus tacaíocht ó na rannpháirtithe. Is cuma cé chomh beag is atá an ócáid, is céim dearfach í i dtreo timpeallacht saor ó bhruscar a chruthú.

I gcomhar le clár cothabhála an Roinn Bóithre, déanann conraitheoir ceapaithe piocadh bruscair faoi dhó sa bhliain ar na Príomhbhealaí Náisiúnta agus Tánaisteacha ar fud an chontae. Déantar é sin mí Bealtaine agus Mí Meán Fómhair.

### Maoiniú do Bhailte Slachtmhara & don Ghréasán Cumann Áitritheoirí

Chomh maith le hacmhainní a dháileadh do ghrúpaí pobail ar mhian leo glacadh le tionscnaimh chomhshaoil, chun cur le cáilíocht beatha an phobal áitiúil, dreach an cheantair agus an caighdeán timpeallachta i limistéir áirithe a fheabhsú, dáileadh suim airgid mar €71,000.00 i 2020, ar son deisiúcháin agus cothabháil, araidí a cheannach, bláthanna a chur, tionscnaimh bithéagsúlachta 7rl.





## Plean Bruscair 2021–2023



Go ceann tréimhse an phlean seo tá sé i gceist ag Údarás Áitúla Mhuineacháin:

Acmhainní a sholáthar don Chiste Pobail aus Comhshaoil

- Cabhrú le cumainn nua áitritheoirí trí thacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh.

### Na Meáin Shóisialta

Ó glacadh leis an bplean deireanach tháinig méadú mór ar an dtábhacht a bhaineann leis na meáin shóisialta chun plé leis an bpobal mór. Ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin na meáin chéanna mar *Facebook* agus *Twitter* chucu féin agus d’eagraigh roinnt feachtas gníomhacha. Mar shampla

- Maithiúnas Earraí Móra Troma – tochtanna, cathaoireacha uilinn, toilg, leapacha, vardrúis
- Seanuirlisí ceoil a bhailiú lena n-athnuachan agus athúsáid (*Repair My Stuff*)

- tas Feasachta a dhírigh ar chlóis súgartha, locha agus láithreacha ar an gcúlraíid sa cheantar Muineachán Thuaidh
- *Get into the Green* i gcomhar le grúpa ban An Dóchas, Muineachán
- Spás Glas *Pop up* os comhair Teach na Cúirte, Muineachán
- Feachtas bruscar tobac “Bin your butt”
- Feachtas salachar madraí
- Scannánaíocht “Santa Cam” CCTV



## 6: Rialú Bruscair & Forfheidhmiú

Tá foireann tiomanta ag an Roinn Comhshaoil i gComhairle Contae Mhuineacháin chun plé le gach aon ghné den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997-2003, An tAcht (Leasú) um Bhainistiú Dramháíola 1996 agus rialacháin ghaolmhara dramháíola.

Déantar gach gearán a logáil ar fhearas láimhe, déantar iniúchadh ar an scéal agus cuirtear tuairisc le chéile.

Go ceann tréimhse an Phlean seo tásé i gceist ag Comhairle Contae Mhuineacháin:-

- Leanúint d’acmhainní a sholáthar chun an tOifigeach Patról Bruscair a fhostú
- Gach aon ghearán a scrúdú go pras ag brath ar an riosca
- Leanúint de theicneolaíocht a úsáid chun na himscrúduithe athaifeadadh

## Plean Bruscair 2021–2023

### CCTV a Úsáid

Cuireann úsáid CCTV le saothar an Oifigeach Patról Bruscair mar féadfar é a úsáid ar shuímh dhubha bruscair nó bainc bhuidéal. Is fíor, áfach, go bhfuil teorainn lena úsáid. Mar shampla, ní féidir aghaidh an duine a aithint, tá sé costasach, bíonn ceisteanna príobháideachais ann agus acmhainní de dhíth freisin chun féachaint ar an scannánaíocht.

Go ceann tréimhse an phlean seo cinnteoidh Comhairle Contae Mhuineacháin go mbeidh acu :

- Clár bliantúil monatóireacht CCTV
- Teagmháil leanúnach leis an Údarás Réigiúnach Forfheidhmiú Dramhaíola mar gheall ar dhróin agus a leithéid eile de theicneolaíocht a úsáid
- Eolas ar cheisteanna GDPR agus Measúnú Riosca um Chosaint Sonraí sula mbaintear leas as aon tionscadal a bhaineann le sonraí pearsanta a úsáid.

Tharla mórán ócáidí a bhain le bruscar agus dramháil, orthusan bhí

- **Lá Glantachán Domhanda 2019** – D’eagraigh Seirbhísí Comhshaoil a gcéad Lá Glantachán Domhanda i 2019 ar Shliabh Beatha. Thacaigh an t-údarás áitiúil le mórán grúpaí áitiúla. Anuas air sin, tháinig an Oifig Oidhreachta agus Seirbhísí Comhshaoil le chéile don ócáid – lá saor teaghlaigh i gceantar Sliabh Beatha i dTuaisceart Mhuineacháin. Bhí slua mór i láthair is iad páirteach i gceardlanna comhshaoil, tharla glantachán freisin ar stráice den phortach mar a mbíodh bruscar agus dramháil. Tarlaíonn sé sin i Sliabh Beatha roimh, le linn agus i ndiaidh baint na móna – bailíodh mórán málaí plaisteacha, buidéal, chomh maith le seanchathaoireacha, boinn agus sráideoga.

- ☐ Bhí Lá Glantachán Domhanda 2020 níos ciúine, rinne mórán grúpaí a nglantachán féin ar fud an chontae, de réir na rialacháin rialtais i bhfeidhm. Tacaíodh leo le bronnadh araidí, piocadóirí

agus malaí a scaipeadh ar na grúpaí a bhí páirteach.



- **Mí Athúsáide – Deireadh Fómhair** D’eagraigh My Waste agus an EPA Dúshlán Athúsáide. Seo comórtas náisiúnta do dhaoine aonair, scoileanna agus grúpaí pobail agus duais i ngach catagóir don tionscnamh ab fhearr. D’éirigh go han-mhaith le muintir Mhuineacháin sa chomórtas seo i 2019 agus arís i 2020. Bronnadh an Duais Meáin Shóisialta 2020ar Ms. Ann McKenna a chruthaigh Béirín Bréige Cuimhneacháin, déantar béiríní bréige as éadaí daoine atá ar shlí na fírinne lena dtabhairt dá muintir féin.



- **Rothair don Afraic** I gcomhar leis an gClub Rothlach d’eagraigh Comhairle Contae Mhuineacháin, McElvaney Motors agus Grahams Mhuineacháin ócáid an-rathúil “Bikes for Africa” ar an 25 Bealtaine 2019. Bhronn na céadta daoine seanrothair don chúis seo. Cuirfear na 500 rothar a bailíodh go Teach Lochán, an áis



cheartaithe i gCo. An Chabháin. Ansiúd bíonn athbhunú agus oiliúint ar fáil, maraon le deis tacú le heagraíochtaí áitiúla mar Chlub Rothlach Mhuineacáin. Anois beidh an tSeirbhís Príosún ag éascú athchóiriú na rothair a bailíodh sula ndáiltear iad thall san Afraic.



- **Bí istigh sa Scéal Glas** I gcomhar le NCCWN Dóchas do Mhná, eagraíodh ócáid feasacht Chomhshaoil in Ionad Naomh Iósaf, baile Mhuineacháin mí Eanáir 2020. Bhí an tinreamh go maith, breis is 80 duine agus 19 taispeántóirí a thug sainchomhairle ar ábhair mar cháilíocht uisce, bithéagsúlacht, múirín, athchúrsáil 7rl. I measc na dtaispeántóirí bhí na Bailte Slachtmhara, an PPN, Cairde Páirc Ros Mór, Trasnú Mhuineacháin, Cuibrinn Mhuineacháin, Botháin na bhFear agus an Siopa Pobail Áitiúil, Baile Mhuineacháin. Mar ionadaithe do Chomhairle Contae Mhuineacháin bhí Leabharlann Baile Mhuineacháin, *Map Alerter*, Seirbhísí Turasóireachta is Comhshaoil. Páirteach freisin bhí CMETB and MIDL.



- **Maithiúnas Earraí Móra Troma** Seo ócáid bliantúla bailithe a tharlaíonn ag dhá ionad athchúrsála, Cúinne na nAlbanach agus Carraig Mhachaire Rois. Féadfar fáil réidh le hearraí móra mar thochtanna, toilg, cathaoireacha agus troscán mór eile nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh. Éiríonn go hiontach leis an ócáid agus faightear maoiniú faoin Deontas Frithdhumpála. Ar an iomlán fágadh 50 tonna sa dá ionad athchúrsála agus tháinig thart ar 600 duine go dtí na suímh.



- **Féile gan Plaisteach** D'éirigh go hiontach leis an bhFéile *Making Waves* a tharla i 2018. Tháinig an banna ceoil cáiliúil RIPE TIDEMOVEMENT. Ba é seo an chéad fhéile saor ó phlaisteach sa chontae. Tharla mórán bearta glasa sa bhféile seo ceol agus bia, mar shampla taispeántais ar nósanna beatha inmharthana mar [www.repairmystuff.ie](http://www.repairmystuff.ie) agus [www.refill.ie](http://www.refill.ie) Do bheár na féile bhí glainí a ndéanfar muirín astu.

## 7: Cuspóirí an Phlean um Bhainistiú Bruscair 2021 – 2023

### Deireadh a chur le bruscar i gContae Mhuineacháin

- Sa phlean um Bhainistiú Bruscair leagtar síos roinnt straitéisí, cuspóirí agus gnímh chun fáil réidh le bruscar sa Chontae.
- 1. Cur le feasacht ar an bPlean um Bhainistiú Bruscair, a bhfuil ann agus na cuspóirí**
    - An Plean um Bhainistiú Bruscair a fhoilsiú trí shuíomh idirlín Chomhairle Contae Mhuineacháin [www.monaghancoco.ie](http://www.monaghancoco.ie) maraon le roinnt feachtas ar na meáin shóisialta go ceann tréimhse an phlean chun cur le feasacht
    - A bhfuil sa phlean a chur chun cinn i measc na foirne agus cabhair a lorg uathu chun na bearta a chur i bhfeidhm
    - An plean a scaipeadh ar na bailte is sráidbhailte trí Ghréasán na mBailte Slachtmhara agus Cumainn Áitritheoirí i dtreo na cuspóirí a bhaint amach
    - Leas a bhaint as na stáisiúin áitiúla raidió le teacht ar an bplean agus ar a bhfuil ann a chinntiú.
    - Tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn a ullmhú agus í a chur le tuairisc an Phríomh-fheidhmeannaigh míMárta
    - Alt bolscaireachta ar an bPlean um Bhainistiú Bruscair in ar a laghad nuachtán amháin sa chontae in aghaidh na bliana
    - Eolas cuí maidir le bruscar a fhoilsiú ar Thuairisc Mhíosúil an Phríomh-fheidhmeannaigh.
  - 2. An clár atá faoi láthair ann don ghlantachán sráide i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae**
    - Leanúint de na cláir reatha um ghlantachán sráide laistigh de na príomhbhailte
    - Leanúint d'inneall scuabtha na Comhairle a úsáid i sráidbhailte an chontae
  - 3. Leanúint den phlé le Ceantair Bhardasaí ar a ról um bhainistiú bruscair, idir araidí a fholmhú, bruscar a phiocadh, cigireacht clós**

súgartha, féar a bhaint agus bailiú bruscair

- Acmhainní d'oibríochta glantachán sráide a sholáthar i mbuiséid bhliantúla
  - Má bhíonn acmhainní ar fáil is é indéanta de réir sláinte agus sábháilteachta, déanfaidh Údarás Áitiúla Mhuineacháin iarracht ar bhailiú bruscair a chomhordú le gearradh ciumhaiseanna agus bóithre dúnta don chothabháil
  - Ina gclár um fhearas nua don bhainistiú bruscair, beidh na Ceantair Bhardasaí freagrach as innealra nua a bhraitheann ar fhuinneamh inathnuaite mar an fheithicil nua leictreach i gCarraig Mhachaire Rois
- 3. Leanúint den ardleibhéal forfheidhmiú atá sa chontae faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997-2009**
    - Leanúint de shaothar an Mhaoir Phatróil Chomhshaoil agus Maoir Bhruscair /Tráchtá sa chontae chun téarmaí reachtaíochta a fhorfheidhmiú
    - Fíneáil ar an láthair a eisiúint i gcás coireanna a dtagtar orthu
    - Nuair is féidir, dul i muinín modhanna dlíthiúla nuair nach bhfaightear an fhíneáil de réir an Achta
    - Córas nua íocaíochta a fheidhmiú ar [www.fines.ie](http://www.fines.ie)
    - Costais ghaolmhara a fháil ar ais má éiríonn leis an gcúiseamh
  - 4. Córas CCTV a úsáid mar mhodh forfheidhmithe agus mar chosc**
    - CCTV a úsáid chun teacht ar choireanna go háirithe ag ionaid beir chuige
    - Ceamaraí a oibriú faoi pholasaí Comhairle Contae Mhuineacháin de réir GDPR
    - Margadh maith ar an airgead a chinntiú trí chúrsaí fála poiblí mar is cóir
  - 5. Páirtíochtaí nua a fhorbairt le comhlachtaí éagsúla idir dheonach, poiblí, tráchtála chun comhthionscadail frithbhruscair a chruthú**
    - Comhpháirtíochtaí a bhunú le gnóthaí, cumainn áitritheoirí,



grúpaí bailte slachtmhara, agus páirtithe eile ar cás leo comhshaol glan inmharthana a chruthú i gContae Mhuineacháin mar an tInneall Díolta i gCarraig Mhachaire Rois ag na Bailte Slachtmhara a ghlacann ar ais le buidéal phlaisteacha

- Faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, cúnadh a thabhairt trí dheontas do Chumann Áitritheoirí agus Grúpaí Bailte Slachtmhara don chur i láthair comhshaol a gceantair áitiúla féin agus rialú bruscair chun tosaigh san iarracht.
- Tacú le comórtais áitiúla ceantar slachtmhar
- Tionscadal nua Uchtáil 1Km Bóithre
- Saothrú le pobail ar fud an Chontae chun páirtíocht a bhaint amach sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh agus Glantachán Domhanda an Fhómhair trí araidí, piocadóirí agus málaí a sholáthar
- Páirtíochtaí a bhunú leis na heaglaisí éagsúla ar fad i gContae Mhuineacháin chun feachtas comhshaoil a chur chun cinn trí na bileoga áitiúla paróiste
- Leas a bhaint as scéim an CLG i gcomhar le GFA, an Cumann Camógaíochta, an Oifig Réigiúnach um Ghníomh Aeráide agus údarais áitiúla ar fud na tíre sa tionscnamh nua Club Glas trína dtugtar tacaíocht agus treoir do na réimsí mar an Nádúr & Bithéagsúlacht, Spáráil Fuinnimh, Laghdú Dramhaíl & Plaisteach maraon le hIompar & Taisteal.

#### 6. Clár leathan poiblí um thionscadail fhrithbhruscair a fhorbairt is a chur i bhfeidhm

- Leas a bhaint as an Scéim Deontas Frithbhruscair ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht & Rialtais Áitiúil le cómhaoiniú ó acmhainní na Comhairle chun ábhar bolscaireachta fhrithbhruscair a sholáthar ar nuachtáin is ar an raidió, na meáin shóisialta mar na feachtais *Be Clean, Keep it Green* do na faichí poiblí agus

clóis súgartha poiblí

- Leas a bhaint as an suíomh idirlín agus na meáin shóisialta chun gníomhaíochtaí sa Chontae a fhógairt
- Ar a laghad feachtas amháin mar shalachar madraí, bruscar sna bailte 7rl. a eagrú in aghaidh na bliana ar na meáin shóisialta
- Cláir fhógraí digiteach agus leictreonach a úsáid mar mhéan fógraíochta

#### 7. Feachtas cuimsitheach a chur i bhfeidhm do bhunscoileanna agus scoileanna dara leibhéal

- Tacaíocht a spreagadh don chlár Scoileanna Glasa Idirnáisiúnta a lorgaíonn Plean Gnímh Bruscair ó na scoláirí
- Tacú le scoileanna a léiríonn tiomantas do dheachleachtais um bhainistiú bruscair trí acmhainní agus ceardlanna
- Scoileanna a spreagadh chun tacú leis an nGrúpa Bailte Slachtmhara áitiúil agus Cumann Áitritheoirí i dtionscadail comhshaoil, bainistiú bruscair san áireamh
- Cuairt rialta ón Oifigeach Feachtas Comhshaoil ar scoileanna a eagrú chun feachtas comhshaoil a chruthú agus a choimeád suas
- Páirtíocht a spreagadh sa Chomórtas Gníomhaí Óg Timpeallachta ECO UNESCO agus an Comórtas Junk Kouture

#### 8. An pobal a spreagadh i leith eachtraí bruscair a thuirisciú chuig Comhairle Contae Mhuineacháin

Éascóidh Comhairle Contae Mhuineacháin an tuairisciú coireanna bruscair agus láithreacha dumpáil mhídhleathach trí rogha bealaí a sholáthar. Féadfaidh an pobal :-

- **Glaoch ar an *Hotline Bruscair 1800 200014*** nó An Roinn Comhshaoil ag 042 9661240
- Seol r-phost chuig an Roinn Comhshaoil ag **[litter@monaghancoco.ie](mailto:litter@monaghancoco.ie)**
- Téigh go [www.monaghan.ie](http://www.monaghan.ie) agus lean an doras *fixyourstreet*
- Úsáid aip fón cliste an EPA “*See it, Say it*”
- Twitter @MonaghanCoCo.
- Facebook, Comhshaol Mhuineacháin Co Co

*Cinnteach Comhairle Contae Mhuineacháin:*

- Fógraí sna meáin áitiúla chun feasacht na modhanna úd a choimeád suas
- Go ndéanann oifigeach ainmnithe an *Hotline* a sheiceáil go rialta, ionas gur féidir gach aon tuairisc ar bhruscar a leanúint go pras is go héifeachtach.
- Go ndéantar gach aon ghearán a logáil ar chóras bunachar sonraí GIS agus go bhfiosrófar an scéal de réir Polasaí Forfheidhmiú Comhshaoil glactha i 2017.
- Go leantar de na % líon gearáin dúnta um thruailliú Comhshaoil a bhailiú is a thuairisciú mar chuid de na táscairíbliantúla NOAC E2

### **9. Clár a bhunú chun araidí a roghnú, a shuiteáil, a chothabháil is a fholmhú**

- Leanfaidh na Ceantair Bhardasaí de na haraidí a dháileadh is a roghnú, a shuiteáil, a chothabháil is a ullmhú laistigh de na ceantair faoi seach
- Beidh luaithreadáin sna haraidí nua bruscair go léir
- Leanfar de na haraidí dlúis grianda a sholáthar i gceantair mar a mbíonnéileamh mór orthu

### **10. Saothrú le gnóthaí sa Chontae chun an tAcht um Thruailliú Bruscair 1997- 2009 a fheidhmiú**

- Feachtais feasacht bruscair a fheidhmiú le gnóthaí áitiúla mar shampla Bruscar Guma, clúdaigh beir leat, cupáin chaife 7rl.
- Teagmháil a eagrú idir Maoir Bhruscair agus úinéirí áitiúla gnó chun bruscar a sheachaint, mar shampla bruscar ó mheaisíní ATM, guma coganta, bruscar toitín agus clúdaigh beir leat
- Gníomhú de réir moltaí déanta ag IBAL i dtuairiscí eisithe

### **11. Cur le feasacht an cheist salachar madraí sa Chontae**

- Comharthaí salachar madraí agus málaí dáileora a sholáthar pé ait is gá.

- Déanfaidh an Maor Madraí agus an Maor Patról Comhshaoil cigireacht le chéile i limistéir phoiblí mar chlóis súgartha chun reachtaíocht bruscair agus rialú madraí a fhorfheidhmiú
- Feachtas bliantúil a stiúradh faoi na dualgais a bhíonn ar úinéirí madraí agus an tionchar a bhíonn ag salachar madraí ar shláinte an duine

### **12. Leanúint den bhruscar a bhainistiú ag Ionaíd Beir Chuige sa Chontae lena chinntiú go gcoimeádtar iad ar ardchaighdeán do lucht úsáidte**

- Leanúint de sheiceáil rialta na n-ionad beir chuige go léir ag an Maor Patról Comhshaoil
- Leanúint den phlé rialta leis an gconraitheoir chun seirbhís éifeachtach a chinntiú de réir an chonradh seirbhíse
- Naisc a fhorbairt le grúpaí pobail áitiúla chun bruscar ag na suímh a thuairisciú
- Clár bliantúil cothabhála a fhorbairt is a chur i bhfeidhm do na bainc bhuidéal, san áireamh beidh níocháin cumhachtach, brandáil agus araidí nua

### **13. Láithreacha an-dona bruscair sa chontae a aithint i dtreo fáil réidh leis an líon is mó díobh agus is féidir go ceann tréimhse an Phlean Bhruscair**

- Na láithreacha an-dona bruscair a aithint is a thairfeadh
- ☑ Grúpaí pobail a spreagadh chun a leithéid de láthair a thuairisciú
- Maoiniú ADI a úsáid mar chabhair don ghlantachán ar láithreacha dubha

### **14. Dul i ngleic leis an bhfadhb um ghuma coganta**

- Leanúint den bhaint a bhíonn againn leis an dtionscadal a d’eagraigh an Meitheal Oibre Bruscair Guma

### **15. Cur go mór le rannpháirtíocht sa Ghlantachán Náisiúnta Earraigh agus Lá Glantachán an Domhain**



- Feachtas bliantúil sna meáin chun an Glantachán Earraigh agus Lá Glantachán an Domhain a chur chun cinn
- Leanúint de thacaíocht do na Bailte Slachtmhara & Gréasán na gCumann Áitritheoirí maidir le glantachán pobail le linn an Ghlantachán Náisiúnta Earraigh agus Lá Glantachán an Domhain
- Scoileanna sa chontae a spreagadh chun díriú ar glantacháin phobail mar chuid den Lá Gnímh don Chlár Scoileanna Glasa
- Tacú leis an earnáil deonach trí araidí, piocadóirí agus malaí a sholáthar ar son éifeacht agus glaine sna pobail áitiúla
- Clárú saorálaigh a spreagadh don [www.nationalspringclean.org](http://www.nationalspringclean.org)

**16. An córas Náisiúnta Monatóireachta um Thruailliú Bruscair a úsáid don mhonatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus feidhmiú na n-údarás áitiúla**

- Suirbhéanna bliantúla ar leibhéal agus déanamh bruscair laistigh de cheantair uirbeacha agus tuaithe faoin gCóras Náisiúnta Monatóireacht um Thruailliú Bruscair

**17. Stiúrófar na himeachtaí ar fad ag Údarás Áitiúla Mhuineacháin ionas nach gcruthaítear aon bhruscar**

- Ní sheolfaidh aon ócáid de chuid Comhairle Contae Mhuineacháin balúin ná laindéir sa spéir mar bíonn bruscar ina ndiaidh
- Cuirfidh na hÚdarás Áitiúla Mhuineacháin i gcoinne balúin á scaoileadh ag grúpaí nó áisínreachtaí a bhíonn ag ceiliúradh mar gheall ar fhadhb an bhruscair
- Má tá ócáid faoi réir pleanála ní mór plean bainistiú bruscair a chur go dtí an Údarás Áitiúil
- Eagraítear ócáidí sa chontae ionas go laghdaítear an méid bruscar a ghintear

- Ligtear do thairiscint chuig Comhairle Contae Mhuineacháin um araidí breise a sholáthar i mbainistiú dramhaíola ar son ócáidí

**18. Graifítí ciníoch a bhaint laistigh den chontae de réir éileamh an Straitéis Náisiúnta um Imeachadh Imirceach**

**8: Áiseanna chun Dramhaíl a chur de Láimh i gContae Mhuineacháin**

Ionaid Beir Chuige Uimhir	Láthair
1	Baile Mhuineacháin – Carrchlós an Ionad siopadóireachta
2	Baile Mhuineacháin – Carrchlós an Ionad siopadóireachta
3	Baile Mhuineacháin – Carrchlós Sráid Glas Locha
4	Baile Mhuineacháin – Ionad Corr Thí Talmhain
5	Cluain Tiobraid – Carrchlós na hEaglaise
6	Ionad Athchúrsála Coirnéal na nAlbanach
7	Baile na Lorgan – Carrchlós an Chimín
8	Baile na Lorgan – Cnoc an Chorráin
9	Eastát Tithíochta An Mullán
10	Scairbh na gCaorach – laistiar den Ionad Pobail
11	An Charraig Rua – Carrchlós na hEaglaise
12	Tigh Damhnata – Ionad Pobail
13	Glas Locha – Ionad Pobail
14	Baile an Scotaigh – laistiar den Eaglais
15	Béal Átha Beithe – geata an mhargaidh
16	Leatón – Carrchlós na hEaglaise
17	Buíochar – Taobh le Teapot Row
18	Achabog – Carrchlós na hEaglaise
19	Cúil Darach – Carrchlós an tSráidbhaile
20	Teach an Scotaigh – Eastát tithíochta
21	Cluain Eois – 98 Ascaill, an carrchlós
22	Cluain Eois – laistiar de Apple Green
23	An Eoraim – Faiche CLG
24	Carraig Mhachaire Rois – laistiar de SValu
25	Carraig Mhachaire Rois – Ionad athchúrsála
26	Lios Dúnáin
27	Inis Caoin
28	Siopa Sloan, Baile Mhuineacháin

### Láithreacha na nIonad Athchúrsála

**Coirnéal na nAlbanach**, Eanaigh Gheala,  
Baile na Lorgan, Co.Mhuineacháin  
A75 P267 **Fón:** 047 80888

**Carraig Mhachaire Rois**, Bóthar ConventLands,  
Machaire Rois,Carraig Mhachaire Rois, Co.  
Mhuineacháin A81 YT50  
**Fón:** 042 9661500

### Uaireanta oscailte don dá láthair:

- Luan - Aoine 9.00am - 5.30pm
- Satharn 9.00am - 1.00pm
- Cead isteach €4

Nóta le d'athúil: bíonn táillí tráchtála i gceist agus d'fhéadfadh athrú teacht orthusan ó am go chéile.

